**CINNEADH Ó ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE Uimh. 061/25/COL**

**an 9 Aibreán 2025**

**Moladh ó Údarás Faireacháin CSTE maidir leis na margaí ábhartha táirgí agus seirbhísí taobh istigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a fhéadfar a chur faoi réir rialáil *ex ante* i gcomhréir leis an nGníomh dá dtagraítear i bpointe 5czs d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE (*Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach*), arna oiriúnú le Prótacal 1 a ghabhann le Comhaontú LEE agus leis na hoiriúnuithe earnála atá in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gComhaontú sin [2025/1754]**

ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE ('AN tÚDARÁS')

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE') ([1]) agus don Chomhaontú idir Stáit CSTE maidir le hÚdarás Faireacháin agus Cúirt Bhreithiúnais a Bhunú ('an Comhaontú Faireacháin agus Cúirte') ([2]), agus go háirithe Airteagal 5(2)(b) de Chuid II den Chomhaontú Faireacháin agus Cúirte,

Ag féachaint don Ghníomh dá dtagraítear i bpointe 5czs d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE, *Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach* ('an Cód') ([3]), arna oiriúnú le Prótacal 1 a ghabhann le Comhaontú LEE agus leis na hoiriúnuithe earnála atá in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gComhaontú sin, agus go háirithe Airteagal 64(1) den Chód,

Ag féachaint do Mholadh an Údaráis an 11 Bealtaine 2016 maidir le margaí ábhartha taobh istigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a fhéadfar a chur faoi réir rialáil *ex ante* ('Moladh 2016 ón Údarás') ([4]),

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS:

(1) An 18 Nollaig 2020, d'eisigh an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') Moladh (AE) 2020/2245 maidir leis na margaí ábhartha táirgí agus na margaí ábhartha seirbhísí taobh istigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a fhéadfar a chur faoi rialáil *ex ante* i gcomhréir leis an gCód ('Moladh (AE) 2020/2245') ([5]). Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach i gcomhréir le hAirteagal 64(1) den Chód agus thug sé a thuairim an 16 Deireadh Fómhair 2020.

(2) Is é is cuspóir do Chomhaontú LEE Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) atá dinimiciúil agus aonchineálach a bhunú, bunaithe ar rialacha coiteanna agus dálaí comhionanna iomaíochta ([6]). I bhfianaise an chuspóra sin agus na mbreithnithe thuas, glacann an tÚdarás an Moladh seo ('an Moladh seo') atá ailínithe le Moladh (AE) 2020/2245 chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an chreata rialála choitinn agus deimhneacht dhlíthiúil do pháirtithe leasmhara laistigh de na margaí cumarsáide leictreonaí in LEE a áirithiú.

(3) Sa bhreis ar na trí phríomhchuspóir a bhaineann leis an iomaíocht, an margadh inmheánach agus leasanna úsáideoirí deiridh a chur chun cinn, féachann an Cód le nascacht agus rochtain ar líonraí fíor-ardacmhainne, agus glacadh na líonraí sin, a chur chun cinn, lena n-áirítear líonraí seasta, soghluaiste agus gan sreang, ar mhaithe le saoránaigh agus gnólachtaí uile in LEE.

---

([1]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

([2]) IO L 344, 31.12.1994, lch. 1 agus Forlíonadh LEE Uimh. 59, 31.12.1994, lch. 1.

([3]) IO L 321, 17.12.2018, lch. 36.

([4]) Moladh ó Údarás Faireacháin CSTE an 11 Bealtaine 2016 maidir le margaí ábhartha táirgí agus seirbhísí taobh istigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a fhéadfar a chur faoi rialáil *ex ante* i gcomhréir leis an nGníomh dá dtagraítear i bpointe 5cl d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE (*Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchreat rialála i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí*), arna oiriúnú le Prótacal 1 a ghabhann leis agus leis na hoiriúnuithe earnála atá in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gComhaontú sin (IO L 84, 30.3.2017, lch. 7 agus Forlíonadh LEE Uimh. 20, 30.3.2017, lch. 1).

([5]) Moladh (AE) 2020/2245 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2020 maidir le margaí ábhartha táirgí agus margaí ábhartha seirbhísí taobh istigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a fhéadfar a chur faoi réir rialáil *ex ante* i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 lena mbunaítear an Cód Eorpach um Chumarsáid Leictreonach (IO L 439, 29.12.2020, lch. 23).

([6]) An 4ú aithris sa Bhrollach a ghabhann le Comhaontú LEE.

(4) Leis na dreasachtaí iomchuí le haghaidh infheistíocht i líonraí nua fíor-ardacmhainne, lena dtacaítear leis an nuálaíocht i seirbhísí idirlín lánábhair, neartófar iomaíochas idirnáisiúnta LEE fad a chuirtear tairbhí ar fáil dá thomhaltóirí agus dá ghnólachtaí. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach infheistíocht inbhuanaithe a chur chun cinn i bhforbairt líonraí fíor-ardacmhainne, trí chreat rialála atá oiriúnaithe go hiomchuí agus atá intuartha.

(5) Ceann de na haidhmeanna atá ag an gcreat rialála nua is ea rialacha earnáilsonracha *ex ante* a laghdú de réir a chéile de réir mar a fhorbraíonn an iomaíocht sa mhargadh agus, ar deireadh, a áirithiú go rialófaí margaí cumarsáide leictreonaí le dlí na hiomaíochta amháin. I gcomhréir leis an gcuspóir sin, is é is cuspóir don Mholadh seo na margaí táirgí agus seirbhísí sin a shainaithint ina bhféadfadh údar a bheith le rialáil *ex ante*.

(6) D'fhéadfadh athrú teacht ar an sainiú ar mhargaí ábhartha le himeacht ama de réir mar a thagann athrú ar shaintréithe na dtáirgí agus na seirbhísí atá ar fáil ar mhargaí den sórt sin agus de réir mar a thagann athrú ar na féidearthachtaí maidir le hionadú éilimh agus soláthair mar gheall ar fhorbairtí teicneolaíochta, margaidh agus rialála. Ar an gcúis sin, ba cheart an Moladh seo a chur in ionad Mholadh 2016 ón Údarás.

(7) Ceanglaítear le hAirteagal 64(1) den Chód ar an gCoimisiún margaí laistigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a shainaithint, a bhféadfadh a saintréithe a bheith de chineál a dhéanfaidh forchur na n-oibleagáidí a dhlisteanú i gcomhréir le prionsabail dhlí na hiomaíochta. Dá bhrí sin, úsáidtear prionsabail dhlí na hiomaíochta sa Mholadh seo chun margaí táirgí ábhartha san earnáil cumarsáide leictreonaí a shainiú. Tá an Moladh seo bunaithe ar Airteagal 5(2)(b) de Chuid II den Chomhaontú Faireacháin agus Cúirte trína ndéanfaidh an tÚdarás 'moltaí a fhoirmiú, tuairimí a thabhairt agus fógraí nó treoirlínte a eisiúint maidir le hábhair a ndéileáiltear leo i gComhaontú LEE, má fhoráiltear amhlaidh go sainráite sa Chomhaontú sin nó sa Chomhaontú seo nó má mheasann Údarás Faireacháin CSTE gur gá sin'.

(8) Ar deireadh thiar is é cuspóir d'aon idirghabháil rialála tairbhí a bhaint amach d'úsáideoirí deiridh ó thaobh praghais, cáilíochta agus rogha de trí iomaíochas inbhuanaithe a bhaint amach ar an leibhéal miondíola. Ba cheart gurb é an sainiú ar mhargaí miondíola i bpeirspictíocht réamhbhreathnaitheach thar thréimhse ama ar leith, faoi threoir dhlí na hiomaíochta, an túsphointe chun margaí ábhartha a shainaithint sa Mholadh seo. Go deimhin, i gcás ina bhfuil margaí miondíola iomaíoch go héifeachtach in éagmais rialáil mhórdhíola, ba cheart d'údaráis rialála náisiúnta teacht ar an gconclúid nach bhfuil gá le rialáil a thuilleadh ar mhargaí mórdhíola gaolmhara.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 67(1) den Chód, ní fhéadfar forchur oibleagáidí rialála *ex ante* a chosaint ach amháin i margaí ina gcomhlíontar go carnach na trí chritéar dá dtagraítear in Airteagal 67(1)(a), (b), (c) den Chód. Áirítear sa Mholadh seo margaí táirgí agus seirbhísí, ar chinn an tÚdarás ina leith, tar éis dó na treochtaí foriomlána in LEE a bhreathnú, go gcomhlíonann siad na trí chritéar. Dá bhrí sin, measann an tÚdarás go bhfuil saintréithe sna margaí sin a d'fhéadfadh údar a thabhairt le forchur oibleagáidí rialála i roinnt limistéar geografach ar a laghad agus thar thréimhse intuartha. Ba cheart gur faoi na húdaráis rialála náisiúnta a bheadh sé a mheas ina n-anailísí ar na margaí sin an gcomhlíontar na ceanglais bhreise a leagtar amach in Airteagal 67(2) den Chód.

(10) Baineann an chéad chritéar le bacainní arda buana ar iontráil a bheith ann. Féachann sé lena fháil amach an dócha go dtarlóidh iontráil sa mhargadh, cathain agus a mhéid is dócha go dtarlóidh sí, agus na tosca ábhartha a shainaithint chun go n-éireoidh le hiontráil sa margadh cumarsáide leictreonaí. Ó thaobh margadh atá gan athrú, tá dhá chineál bacainní ar iontráil ábhartha go háirithe chun críoch an Mholta seo: bacainní struchtúracha agus bacainní dlíthiúla nó rialála.

(11) Eascraíonn bacainní struchtúracha ar iontráil as dálaí éagsúla costais nó éilimh lena gcinntear dálaí neamhshiméadracha idir gníomhaithe atá ceannasach sa mhargadh agus iontrálaithe nua, rud a chuireann bac nó cosc ar theacht isteach sa mhargadh i gcás iontrálaithe nua. D'fhéadfadh bacainní struchtúracha arda a bheith ann freisin, mar shampla, i gcás ina bhfuil buntáistí costais absalóideacha nó barainneachtaí scála substaintiúla agus/nó éifeachtaí líonra, srianta acmhainne agus/nó costais bháite arda mar shaintréith den mhargadh. Is féidir bacainní struchtúracha a bheith ann freisin i gcás ina n-éilíonn soláthar seirbhíse comhpháirt líonra nach féidir a dhúbailt go teicniúil nó nach bhfuil dúbailt na seirbhíse indéanta go heacnamaíoch.

(12) D’fhéadfadh tionchar díreach a bheith ag bacainní dlíthiúla nó rialála ar dhálaí iontrála agus/nó ar shuí oibreoirí sa mhargadh ábhartha. In earnálacha rialáilte, féadfaidh nósanna imeachta um údarú, srianta críochacha, caighdeáin sábháilteachta agus slándála, agus ceanglais dhlíthiúla eile iontráil a dhíspreagadh nó moill a chur uirthi. Mar sin féin, tá laghdú ag teacht ar ábharthacht na mbacainní dlíthiúla agus rialála i margaí cumarsáide leictreonaí. Maidir le bacainní dlíthiúla nó rialála ar dócha go mbainfear iad laistigh den tréimhse ama ábhartha 5 bliana, níor cheart iad a bheith ina mbacainn ar iontráil de ghnáth ionas go gcomhlíonfar an chéad chritéar.

(13) I margaí atá dírithe ar an nuálaíocht arb é dul chun cinn teicneolaíoch leanúnach príomhthréith na margaí sin, amhail na margaí cumarsáide leictreonaí, d’fhéadfadh sé nach mbeadh bacainní ar iontráil chomh hábhartha céanna de réir a chéile. I margaí den sórt sin, is minic a thagann srianta iomaíochta ó bhagairtí ó iomaitheoirí nuálacha a d’fhéadfadh a bheith sa mhargadh nach bhfuil ann faoi láthair. Dá bhrí sin, ní mór na féidearthachtaí chun bacannaí ar iontráil a shárú laistigh den tréimhse ama ábhartha a chur san áireamh nuair atá margaí ábhartha á shainaithint le haghaidh rialáil *ex ante* a d’fhéadfadh a bheith ann. Sainaithnítear sa Mholadh seo margaí ina bhfuil coinne leis go leanfaidh bacainní ar iontráil de bheith ann ar feadh na tréimhse 5-10 mbliana amach romhainn.

(14) Ba cheart bacainní éagsúla ar iontráil a mheas go carnach, ní ina n-aonar. Cé go bhféadfadh sé nach measfaí bacainn iontrála a bheith ard nuair a mheastar í ina haonar, in éineacht le bacainní eile, d’fhéadfadh sí éifeachtaí a chruthú a chuirfeadh, go carnach, cosc nó bac ar iontráil sa mhargadh.

(15) Leis an dara critéar, tugtar aghaidh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil claonadh sa struchtúr margaidh i dtreo iomaíocht éifeachtach laistigh den tréimse ama ábhartha, ag féachaint don staid ina bhfuil iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar agus don fhéidearthacht go mbeidh iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar ann agus d’fhoinsí eile iomaíochta taobh thiar de na bacainní ar iontráil. Tugtar le tuiscint le hanailís ar iomaíocht éifeachtach go n-éireoidh an margadh iomaíoch go héifeachtach in éagmais rialála *ex ante* laistigh den tréimhse athbhreithnithe, nó go ndéanfaidh sé amhlaidh tar éis na tréimhse sin, ar choinníoll go bhfuil fianaise shoiléir ar dhinimic dhearfach sa mhargadh inbhraite cheana féin laistigh den tréimhse athbhreithnithe. Mar shampla, d’fhéadfadh cóineasú táirgí, a sheachadtar trí theicneolaíochtaí líonra éagsúla, a bheith ina chúis le srianta iomaíochta a bheith á bhfeidhmiú ag oibreoirí atá gníomhach i margaí táirgí ar leith agus d’fhéadfadh cóineasú margaí a bheith mar thoradh air sin.

(16) Fiú nuair a bhíonn bacainní arda ar iontráil i margadh, d’fhéadfadh tosca struchtúracha eile sa mhargadh sin a léiriú go bhfuil claonadh fós sa mhargadh i dtreo iomaíocht éifeachtach laistigh den tréimhse ama ábhartha. I margaí inar féidir a bheith ag súil le líon méadaithe líonraí ar bhonn réamhbhreathnaitheach, is éard atá i gceist le cur i bhfeidhm an chritéir sin scrúdú a dhéanamh go príomha ar staid na hiomaíochta atá bunaithe ar bhonneagar agus ar an bhforbairt is dócha a dhéanfar uirthi amach anseo.

(17) Agus measúnú á dhéanamh ar leordhóthanacht na hiomaíochta agus ar an ngá le hidirghabháil rialála, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta a chur san áireamh an bhfuil rochtain mhórdhíola ar fáil d’aon ghnóthas leasmhar ar théarmaí tráchtála réasúnta lena gceadaítear torthaí iomaíocha inbhuanaithe d’úsáideoirí deiridh ar an margadh miondíola. D’fhéadfadh comhaontuithe tráchtála, lena n-áirítear comhaontuithe maidir le rochtain mhórdhíola, comhaontuithe comhinfheistíochta agus comhaontuithe rochtana cómhalartaí idir oibreoirí, a rinneadh ar bhonn marthanach agus atá inbhuanaithe, feabhas a chur ar dhinimic iomaíochta agus, ar deireadh, d’fhéadfaidís ábhair imní maidir le hiomaíocht a réiteach sa mhargadh miondíola gaolmhar agus, dá bhrí sin, d’fhéadfadh díriaáil na margaí mórdhíola a bheith mar thoradh orthu. Dá bhrí sin, ar choinníoll go gcomhlíonann siad prionsabail dhlí na hiomaíochta, ba cheart iad a chur san áireamh nuair atá measúnú á dhéanamh ar cé acu a mheastar nó nach meastar go dtiocfaidh margadh chun bheith iomaíoch ar bhonn réamhbhreathnaitheach.

(18) D’fhéadfadh forbairtí teicneolaíochta, nó cóineasú táirgí agus margaí, a bheith ina gcúis le srianta iomaíochta a bheith á bhfeidhmiú idir oibreoirí atá gníomhach i margaí táirgí ar leith. I ndáil leis sin, seirbhísí ar líne (OTT), ar seirbhísí iad nach meastar go ginearálta sa lá atá inniu ann mar ionadaigh dhíreacha ar sheirbhísí traidisiúnta arna soláthar ag soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí, agus nach soláthraíonn nascacht fhisiceach agus sonraí in aon chás, d’fhéadfadh ról níos tábhachtaí, mar sin féin, a bheith acu i margaí miondíola áirithe sna blianta atá le teacht mar gheall ar fhorbairtí teicneolaíocha breise agus ar a leathnú leanúnach agus d'fhéadfadh siad srian indíreach a chur ar mhargaí mórdhíola ina dhiaidh sin.

(19) Ba cheart an cinneadh margadh a shainiú mar mhargadh a fhéadfar a chur faoi rialáil *ex ante* a bheith ag brath freisin ar mheasúnú ar leordhóthanacht dhlí na hiomaíochta chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na clistí margaidh a sainaithníodh. Is é is aidhm don tríú critéar sin measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht dhlí na hiomaíochta chun dul i ngleic le clistí leanúnacha sainaitheanta sa mhargadh, go háirithe ós rud é go bhféadfadh oibleagáidí rialála *ex ante* sáruithe ar dhlí na hiomaíochta a chosc go héifeachtach. Is dócha nach leor idirghabhálacha atá bunaithe ar dhlí na hiomaíochta i gcás ina bhfuil idirghabháil rialta agus/nó thráthúil fíor-riachtanach chun clistí leanúnacha margaidh a cheartú. Sna himthosca sin, ba cheart rialáil *ex ante* a mheas mar chomhlánú iomchuí ar dhlí na hiomaíochta. De ghnáth, ba cheart gur leor cur i bhfeidhm na rialacha iomaíochta ginearálta i margaí a bhfuil iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar inbhuanaithe agus éifeachtach ag baint leo.

(20) Le cur i bhfeidhm na dtrí chritéar charnacha sin, ba cheart teorainn a chur leis an líon margaí rialáilte laistigh den earnáil cumarsáide leictreonaí agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le rialáil *ex ante* earnáilsonrach a laghdú de réir a chéile de réir mar a thagann forbairt ar an iomaíocht sna margaí sin. Mura gcomhlíontar aon cheann de na trí chritéar, léireofaí nach bhféadfar margadh a chur faoi rialáil *ex ante*. Tá sé fíor-riachtanach nach bhforchuirfear oibleagáidí rialála *ex ante* ar mhargadh mórdhíola chun iomaíocht inbhuanaithe a áirithiú ach amháin i gcás ina mbeidh gnóthas amháin nó níos mó ann a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh acu agus i gcás nach leor leigheasanna dhlí na hiomaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb.

(21) Meastar go gcuimsíonn margaí nua atá ag teacht chun cinn táirgí nó seirbhísí ina bhfuil sé deacair, mar gheall ar a n-úrnuacht, dálaí éilimh nó dálaí iontrála agus soláthair sa mhargadh a thuar, agus dá bhrí sin ina bhfuil sé deacair an tástáil trí chritéar a chur i bhfeidhm. Níor cheart margaí den sórt sin a bheith faoi réir oibleagáidí rialála *ex ante* míchuí chun nuálaíocht a chur chun cinn, fad a chuirtear cosc, san am céanna, ar fhoriamh ag an bpríomhghnóthas a chosc ([7]). Is annamh a chruthaítear margaí nua nó margaí atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar uasghrádú incriminteach ar bhonneagar líonra atá ann cheana. Ní mór easpa inionadaitheachta táirge a shuí ó thaobh éilimh agus soláthair de sular féidir teacht ar an gconclúid nach cuid de mhargadh atá ann cheana é. D'fhéadfadh teacht chun cinn seirbhísí miondíola nua a bheith ina chúis le margadh mórdhíola díorthaithe nua a mhéid nach féidir seirbhísí miondíola den sórt sin a sholáthar trí úsáid a bhaint as táirgí mórdhíola atá ann cheana.

(22) I bhfianaise éabhlóid na hiomaíochta, lena n-áirítear iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar, ní shainaithnítear sa Mholadh seo ach margaí ábhartha ar an leibhéal mórdhíola, mar a tharla i Moladh 2016 ón Údarás. Meastar rialáil *ex ante* a fhorchuirtear ar an leibhéal mórdhíola a bheith leordhóthanach chun dul i ngleic le fadhbanna iomaíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar an margadh nó ar na margaí miondíola iartheachtacha gaolmhara.

(23) I gcomhréir le hAithris 165 den Chód, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta anailís a dhéanamh ar a laghad ar na margaí atá liostaithe sa Mholadh seo, lena n-áirítear na margaí sin atá liostaithe ach nach rialáiltear níos mó sa chomhthéacs sonrach náisiúnta nó áitiúil. Maidir leis na margaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo, féadfaidh údaráis rialála náisiúnta a mheas fós gurb iomchuí, bunaithe ar imthosca náisiúnta sonracha, an tástáil trí chritéar a dhéanamh. Féadfaidh na húdaráis rialála náisiúnta a chinneadh nach gcomhlíontar an tástáil trí chritéar sna himthosca náisiúnta sonracha. Mura gcomhlíontar an tástáil trí chritéar le haghaidh margadh sonrach a liostaítear sa Mholadh seo, níor cheart d'údaráis rialála náisiúnta oibleagáidí rialála a fhorchur ar an margadh sin.

(24) Ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta anailís a dhéanamh freisin ar na margaí nach bhfuil sa Mholadh seo, ach a rialáiltear laistigh de chríoch a ndlínse ar bhonn na n-anailísí margaidh a rinneadh cheana, nó margaí eile, má tá foras leordhóthanach ann chun a mheas go gcomhlíontar an tástáil trí chritéar. Dá bhrí sin, is féidir leis na húdaráis rialála náisiúnta margaí ábhartha eile táirgí agus seirbhísí a shainiú freisin, ar margaí iad nach liostaítear sa Mholadh seo, más féidir leo a chruthú go gcomhlíonann na margaí an tástáil trí chritéar ina gcomhthéacs náisiúnta.

(25) Nuair a dhéanann na húdaráis rialála náisiúnta agus an t-Údarás araon anailís mhargaidh faoi Airteagal 67 den Chód, ba cheart dóibh tús a chur leis an anailís ó na margaí miondíola. Ba cheart an measúnú ar mhargadh a dhéanamh le dearcadh réamhbhreathnaitheach in éagmais rialála bunaithe ar chinneadh go bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh agus ag tosú ó dhálaí margaidh atá ann cheana. Ba cheart a mheas san anailís an bhféadfadh an margadh a bheith iomaíoch agus an bhfuil aon easpa iomaíochta buan, trí fhorbairtí margaidh a bhfuil coinne leo nó forbairtí margaidh intuartha a chur san áireamh. Ba cheart a chur san áireamh san anailís sin na héifeachtaí atá ag cineálacha eile rialála is infheidhme maidir leis an margadh/na margaí miondíola ábhartha nó leis an margadh/na margaí mórdhíola gaolmhara ábhartha le linn na tréimhse rialála ábhartha.

(26) Mura bhfuil an margadh miondíola lena mbaineann iomaíoch go héifeachtach ó dhearcadh réamhbhreathnaitheach in éagmais rialáil *ex ante*, ba cheart sainiú agus anailís a dhéanamh ar an margadh mórdhíola comhfhreagrach nó ar na margaí mórdhíola comhfhreagracha a fhéadfar a chur faoi rialáil *ex ante* i gcomhréir le hAirteagal 67 den Chód. Ina theannta sin, nuair atá anailís á déanamh ar na teorainneacha agus ar an gcumhacht mhargaidh laistigh de mhargadh/mhargaí mórdhíola ábhartha comhfhreagrach(a) chun a chinneadh an bhfuil sé/siad iomaíoch go héifeachtach, ba cheart srianta iomaíochta díreacha agus indíreacha a chur san áireamh, gan beann ar cibé acu a eascraíonn na srianta sin as líonraí cumarsáide leictreonaí, as seirbhísí cumarsáide leictreonaí nó as cineálacha eile seirbhísí nó feidhmchlár atá coibhéiseach ó thaobh na n-úsáideoirí deiridh de.

([7]) Féach Aithris 23 de threoirlínte an Údaráis an 16 Samhain 2022 maidir le hanailís mhargaidh agus an measúnú ar chumhacht shuntasach sa mhargadh faoin gcreat rialála le haghaidh líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('treoirlínte an Údaráis maidir le hanailís mhargaidh agus measúnú ar chumhacht shuntasach sa mhargadh'), a fhoilsítear anseo, agus Aithris 163 den Chód.

(27) Nuair atá na margaí mórdhíola ábhartha a fhéadfar a chur faoi rialáil *ex ante* á sainiú, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta tosú trí anailís a dhéanamh ar an margadh is réamhtheachtaí ón margadh miondíola inar sainaithníodh fadhbanna iomaíochta. Ba cheart d'údaráis rialála náisiúnta anailís a dhéanamh ar na margaí iartheachtacha ó ionchur réamhtheachtach rialáilte, chun a chinneadh an mbeidís iomaíoch go héifeachtach i láthair rialáil réamhtheachtach, go dtí go sroichfidh an rialáil an margadh miondíola.

(28) D'fhéadfadh táirgí mórdhíola trasmhargaidh níos cineálaí amhail rochtain ar bhonneagar fisiceach (e.g. rochtain ar dhuchtanna) nó táirgí rochtana éighníomhacha a bheith sa mhargadh is réamhtheachtaí, ag brath ar imthosca náisiúnta. Go háirithe, i gcás ina bhfuil bonneagar innealtóireachta sibhialta ann agus ina bhfuil sé in-athúsáidte, féadfaidh rochtain éifeachtach ar bhonneagar den sórt sin leathadh amach líonraí fíor-ardacmhainne a éascú go suntasach agus forbairt iomaíochta atá bunaithe ar bhonneagar a spreagadh chun leasa na n-úsáideoirí deiridh.

(29) Ar na cúiseanna sin, rinne an tÚdarás breithniú ar a iomchuí atá sé margadh ar leithligh le haghaidh rochtain ar bhonneagar fisiceach a áireamh sa Mholadh seo. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil difríochtaí nach beag idir toipeolaíochtaí líonra, infhaighteacht duchtanna uileláithreacha agus leibhéal an éilimh ar rochtain ar dhuchtanna agus cuaillí ar fud LEE, agus é ag teacht leis an measúnú ón gCoimisiún i Moladh (AE) 2020/2245, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach féidir margadh ar leith le haghaidh rochtain ar bhonneagar fisiceach a shainaithint ar leibhéal LEE faoi láthair agus nár cheart, dá bhrí sin, é a áireamh ar liosta na margaí a fhéadfar a chur faoi rialáil *ex ante*.

(30) Thairis sin, ceadaítear le hAirteagal 72 den Chód d'údaráis rialála náisiúnta rochtain ar innealtóireacht shibhialta a fhorchur mar leigheas neamhspleách ar aon mhargadh mórdhíola ábhartha. D'fhéadfadh údar cuí a bheith le hoibleagáid den sórt sin chun rochtain ar innealtóireacht shibhialta a sholáthar gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil an bonneagar fisiceach dá ndeonaítear rochtain ina chuid den mhargadh rialáilte ábhartha agus ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta é a mheas sula bhforchuirtear oibleagáidí rochtana eile iartheachtacha, más comhréireach agus leordhóthanach é chun iomaíocht a chur chun cinn ar mhaithe leis na húsáideoirí deiridh.

(31) Maidir le margaí leathanbhanda mórdhíola, féadfar táirgí rochtana fíorúla a dhearadh ar bhealach ina mbeidh gnéithe táirge comhchosúla nó comhionanna á dtaispeáint acu, gan beann ar shuíomh an phointe aistrithe le haghaidh rochtana. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé a bheith indéanta go teicniúil rochtain mhórdhíola ar leathanbhanda a sholáthar ar an leibhéal lárnach nó ar an leibhéal áitiúil le cáilíocht seirbhíse inchomparáide ón gcuardaitheoir ar rochtain agus ó pheirspictíochtaí na n-úsáideoirí deiridh araon. Sa chomhthéacs sin, ní mór anailís a dhéanamh ar ghnéithe an táirge agus ar thoilteanas cuardaitheoirí ar rochtain dul idir pointí rochtana nó úsáid a bhaint as pointí aistrithe éagsúla laistigh d'ailtireacht an líonra mar chuid den anailís inionadaitheachta.

(32) Dhreap go leor oibreoirí malartacha dréimire na n-infheistíochtaí agus d'fhorbair siad a líonraí féin chuig an bpointe rochtana áitiúil. Is dócha nach measfadh na hoibreoirí sin táirgí rochtana lárnaí mar mhalairt ar rochtain áitiúil toisc go bhfágfadh sé na hinfheistíochtaí ina mbonneagar gréasáin féin tréigthe. San am céanna, ní mór a aithint gurb é an líonra rochtana an chuid is deacra den líonra a mhacasamhlú mar gheall ar na costais arda báite a bhaineann le cur in úsáid i ndáil leis an líon custaiméirí ar féidir leo tairbhe a bhaint as an gcur in úsáid.

(33) D'ainneoin an mhéadaithe a chonacthas ar iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar, tá bacainní arda iontrála fós ag baint le rochtain áitiúil agus rialaítear í i bhformhór Stáit LEE. Comhlíonann an margadh rochtana áitiúil mórdhíola an tástáil trí chritéar fós, ós rud é gurb é an líonra rochtana an chuid den líonra is deacra a mhacasamhlú. Mar sin féin, ar bhonn réamhbhreathnaitheach, ní féidir a mheas a thuilleadh go bhfuil na bacainní ar iontráil sa mhargadh rochtana lárnach ard agus buan ar leibhéal LEE toisc go mbíonn claonadh sa mhargadh i dtreo iomaíocht éifeachtach mar gheall ar ardáin mhalartacha a bheith ann, infhaighteacht tráchtála fhorleathan na hacmhainneachta stoic agus an chaoi a bhféadfadh oibreoirí atá idirnasctha go háitiúil rochtain lárnach a sholáthar. I gcás ina sainaithnítear táirgí rochtana, a chuirtear ar fáil ag pointí aistrithe éagsúla, mar tháirgí ionaid faoi imthosca náisiúnta sonracha, ba cheart a chinneadh go gcuimsíonn an margadh gach táirge den sórt sin. Ní mór a shuí ar bhonn cás ar chás cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann margadh chomh leathan sin an tástáil trí chritéar.

(34) D'fhéadfadh cumais mhéadaithe líonraí cumarsáide leictreonaí a sholáthraíonn táirgí mórmhargaidh riachtanais nascachta custaiméirí a shásamh, fiú riachtanais custaiméirí gnó áirithe. Mar sin féin, beidh gá le naisc thiomnaithe freisin i gcás deighleog thábhachtach den mhargadh gnó, chomh maith leis an éileamh nua a eascraíonn as digitiú na tionsclaíochta agus as spreagthaí socheacnamaíocha amhail seirbhísí poiblí e.g. ospidéil agus scoileanna. Dá bhrí sin, éilíonn gnólachtaí áirithe fós táirgí a bhfuil saintréithe iontu atá éagsúil le saintréithe táirgí mórmhargaidh.

(35) D'fhonn teorainneacha an mhargaidh le haghaidh acmhainneacht thiomnaithe agus táirgí eile rochtana gnó a shonrú, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta, fad a áirithíonn siad go gcomhfhreagraíonn na táirgí mórdhíola ábhartha don fhadhb sa mhargadh miondíola a sainaithníodh, roinnt tosca a chur san áireamh amhail feidhmiúlachtaí éagsúla táirgí agus an úsáid bheartaithe, éabhlóid praghsanna le himeacht ama agus tras-phraghasleaisteachas. Is iad saintréithe táirgí idirdhealaitheacha na hacmhainneachta tiomnaithe a gcumas naisc thiomnaithe agus saor ó choimhlint agus luasanna siméadracha a sholáthar agus ba cheart measúnú a dhéanamh orthu, mar a dhéantar i gcás táirgí i margaí eile, trí bhíthin anailís inionadaitheachta.

(36) Tá méadú nach beag tagtha ar úsáid bonneagar malartach lena soláthraítear nascacht snáithíní tiomnaithe do ghnólachtaí go háirithe i limistéir ina bhfuil daonra níos dlúithe, in ionaid tráchtála agus i gceantair ghnó. Mar sin féin, d'fhéadfadh limistéir a bheith ann ina bhféadfadh sé nach mbeadh sé chomh hinmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de líonraí a sholáthraíonn naisc thiomnaithe iargúlta a dhúbláil mar gheall ar mhéid an mhargaidh ar féidir dul i ngleic leis, cé go bhféadfadh bonneagair mhalartaigh a chur in úsáid le haghaidh nascacht mórmhargaidh a bheith inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de. Sna limistéir sin nach bhfuil an daonra chomh dlúth sin iontu, mar gheall ar easpa iomaíocht atá bunaithe ar bhonneagar, tá baol ann nach bhfreastalófaí ar an éileamh ar acmhainneacht thiomnaithe le tairiscintí iomaíocha in éagmais rialála.

(37) Sa dá mhargadh rochtana mórdhíola thuas, ní dócha go leanfaidh fadhbanna iomaíochta ar aghaidh go haonfhoirmeach ar fud Stát CSTE ar leith agus ba cheart margaí den sórt sin a bheith faoi réir anailís gheografach chríochnúil. Dá bhrí sin, nuair atá margaí ábhartha á sainiú i gcomhréir le hAirteagal 64(3) den Chód, ba cheart d'údaráis rialála náisiúnta limistéir gheografacha a shainaithint ina bhfuil na dálaí iomaíochta aonchineálach go leordhóthanach agus ar féidir iad a idirdhealú ó limistéir chomharsanachta ina bhfuil na dálaí iomaíochta atá i réim an-éagsúil, agus aird ar leith á tabhairt ar an gceist an ngníomhaíonn an t-oibreoir a d'fhéadfadh a bheith ann a bhfuil cumhacht shuntasach sa mhargadh aige go haonfhoirmeach ar fud a limistéir líonra nó an bhfuil dálaí iomaíochta atá an-difriúil os a chomhair a mhéid go gcuirtear srian ar a ghníomhaíochtaí i limistéir áirithe ach ní i limistéir eile.

(38) Go dtí seo, chinn na húdaráis rialála náisiúnta gur margaí náisiúnta iad formhór na margaí toisc go raibh cumhdach náisiúnta ag líonra copair an ghníomhaí atá ceannasach sa mhargadh. Mar sin féin, de réir mar a théann cur in úsáid líonraí malartacha chun cinn, is féidir le dálaí iomaíocha a bheith an-éagsúil agus inbhuanaithe idir limistéir éagsúla den Stát céanna de chuid CSTE (mar shampla idir limistéir uirbeacha agus thuaithe), rud a fhágann gur gá margaí geografacha ar leithligh a shainiú.

(39) Chun críche an tsainithe ar mhargadh geografach, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta bunaonad geografach a shainiú mar thúsphointe chun measúnú a dhéanamh ar dhálaí iomaíocha. D'fhéadfadh aonad den sórt sin toipeolaíocht an líonra nó teorainneacha riaracháin a leanúint, ag brath ar imthosca náisiúnta. I ngach cás, de réir chleachtas an Údaráis ([8]), ba cheart don aonad geografach a bheith (a) de mhéid iomchuí, i.e. beag go leor chun éagsúlachtaí nach beag ar dhálaí iomaíocha laistigh de gach aonad a sheachaint ach mór go leor chun miocranailís atá dian ar acmhainní agus a bhfuil ualach trom ag baint léi a sheachaint, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hilroinnt na margaí, (b) in ann struchtúr líonra na n-oibreoirí ábhartha uile a léiriú, agus (c) teorainneacha soiléire cobhsaí a bheith aige le himeacht ama. Maidir le coinníoll (b), ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta brath, i gcás inarb ábhartha, ar an suirbhé geografach ar líonraí a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 22 den Chód.

(40) De réir phrionsabail dhlí na hiomaíochta, agus bunaithe ar an anailís ar na haonaid gheografacha a ndearnadh cur síos orthu roimhe seo, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta an chéad sainiú ar raon feidhme na margaí geografacha a bhunú ansin trí aonaid a léiríonn dálaí iomaíocha comhchosúla a chomhiomlánú. Ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta measúnú a dhéanamh ar dhálaí iomaíocha ar bhealach réamhbhreathnaitheach, trí bhreathnú ar tháscairí struchtúracha agus iompraíochta, agus aird á tabhairt go háirithe, i gcomhréir le hAirteagal 64(3) den Chód, ar thábhacht na hiomaíochta atá bunaithe ar bhonneagar. D'fhéadfadh lorg na líonraí, an líon líonraí iomaíocha, a sciartha faoi seach den mhargadh, treochtaí i sciartha den mhargadh, iompraíocht praghsála áitiúil nó aonfhoirmeach, saintréithe éileamh agus athrú agus athrú custaiméara a bheith *inter alia* ina dtáscairí den sórt sin. Ba cheart an sainiú a thagann as sin ar mhargaí geografacha a sheiceáil in aghaidh anailís ar inionadaitheacht ar thaobh an éilimh agus ar thaobh an tsoláthair. Féadfar anailís a dhéanamh le chéile ag an gcéim seo ar mhargaí geografacha neamh-chóngaracha a bhfuil dálaí iomaíocha comhchosúla i gceist leo.

([8]) Go háirithe, treoirlínte an Údaráis maidir le hanailís mhargaidh agus measúnú ar chumhacht shuntasach sa mhargadh.

(41) Ba cheart athruithe nach beag ar dhálaí iomaíocha a chur san áireamh ar bhonn réamhbhreathnaitheach ag céim an sainithe margaidh. Féadfar deighilt leigheasanna a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí nach bhfuil chomh mór nó nach bhfuil chomh cobhsaí céanna i ndálaí iomaíocha, lena n-áirítear trí leigheasanna a choigeartú go tréimhsiúil nó go poncúil, gan an bonn a bhaint d'intuarthacht rialála ar an gcaoi sin.

(42) Le hAirteagal 75 den Chód tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh ([9]) lena socraítear uasráta foirceanta aonair ar fud LEE do ghuthghlaonna soghluaiste agus uasráta foirceanta aonair ar fud LEE do ghuthghlaonna seasta (dá ngairtear le chéile 'na rátaí foirceanta ar fud LEE do ghuthghlaonna'). Beidh feidhm dhíreach ag rátaí foirceanta ar fud LEE do ghuthghlaonna maidir le haon soláthraí seirbhísí foirceanta seasta agus soghluaiste in LEE. Tá rátaí foirceanta aonair ar fud LEE do ghuthghlaonna bunaithe ar na costais éifeachtúla a bhaineann le seirbhísí foirceanta a sholáthar. Cuirfidh cur i bhfeidhm na rátaí foirceanta ar fud LEE do ghuthghlaonna teorainn le cumas oibreoirí soghluaiste agus seasta rátaí foirceanta iomarcacha a shocrú. Dá bhrí sin, chuirfí deireadh leis an mbaol go mbeadh rátaí foirceanta iomarcacha ann, arbh é an bhagairt ba thromchúisí ar an iomaíocht ar na margaí sin. Mar gheall ar an treoshuíomh costais dian a chuirtear i bhfeidhm maidir le rátaí foirceanta ar fud LEE do ghuthghlaonna a shocrú, mar a cheanglaítear leis an gCód, ba cheart go mbeadh na rátaí foirceanta cosúil leo siúd a bhfuil coinne leo i gcás margaí iomaíocha. Dá bhrí sin, ní chomhlíonfadh na margaí foirceanta an tástáil trí chritéar ar leibhéal LEE a thuilleadh.

(43) Mar sin féin, d'fhéadfadh imthosca sonracha a bheith ina n-údar le gnéithe roghnaithe de na margaí foirceanta i roinnt Stát CSTE a rialáil. D'fhéadfadh imthosca náisiúnta sonracha a thabhairt le fios nach gnách go dtéann na margaí sin i dtreo iomaíochta ar bhonn réamhbhreathnaitheach nó go bhfuil fadhbanna iomaíochta fós ann. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás inar diúltaíodh idirnasc d'oibreoirí nó ina raibh fadhbanna acu glaonna óna líonra a fhoirceannadh i líonraí oibreoirí eile. Ba cheart d'údaráis rialála náisiúnta aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna den sórt sin, trí oibleagáidí atá bunaithe ar chumhacht shuntasach sa mhargadh seachas rialú praghsanna a fhorchur, má chomhlíontar an tástáil trí chritéar, nó trí úsáid a bhaint as uirlisí rialála iomchuí eile, i.e. Airteagal 61(2) den Chód, má chomhlíontar na coinníollacha a shonraítear ann.

(44) Ní áirítear a thuilleadh sna margaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo trí mhargadh a liostaíodh i Moladh 2016 ón Údarás toisc nach gcomhlíonann siad tástáil na dtrí chritéar, i.e. na margaí le haghaidh foirceannadh glao mórdhíola ar líonraí teileafóin poiblí aonair a sholáthraítear ag suíomh fosaithe (margadh 1), foirceannadh glao gutha mórdhíola ar líonraí móibíleacha aonair (margadh 2), agus rochtain lárnach mhórdhíola a sholáthraítear ag suíomh fosaithe le haghaidh táirgí mórmhargaidh (margadh 3b).

(45) Maidir leis na margaí eile de Mholadh 2016 ón Údarás, is é sin margaí 3a (rochtain mhórdhíola áitiúil arna soláthar ag suíomh fosaithe) agus 4 (rochtain mhórdhíola ardcháilíochta arna soláthar ag suíomh fosaithe), agus na margaí deireanacha sin athshainithe go páirteach, tá gá fós le rialáil *ex ante* orthu toisc go gcomhlíonann siad an tástáil trí chritéar ar leibhéal LEE. Ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta a n-imthosca náisiúnta a chur san áireamh nuair atá na margaí sin á sonrú acu, go háirithe maidir lena ngné gheografach.

(46) D'fhonn a áirithiú go dtabharfar aird leordhóthanach ar thionchar na rialála a forchuireadh ar mhargaí gaolmhara nuair atá cinneadh á dhéanamh cibé acu an bhfuil údar maith le rialáil *ex ante* ar mhargadh áirithe, ba cheart go n-áiritheodh údaráis rialála náisiúnta go ndéanfar anailís chomhsheasmhach ar mhargaí gaolmhara, agus i gcás inar féidir, a áirithiú go ndéanfar na hanailísí sin san am céanna, nó chomh cóngarach dá chéile ó thaobh ama de agus is féidir.

(47) Nuair atá breithniú á dhéanamh acu ar cheart oibleagáidí rialála atá ann cheana a leasú nó a choinneáil ar bun, ba cheart d'údaráis rialála náisiúnta an tástáil trí chritéar a chur i bhfeidhm freisin maidir leis na margaí sin atá liostaithe sna hIarscríbhinní a ghabhann le Moladh an Údaráis an 14 Iúil 2004 ([10]), le Moladh an Údaráis an 5 Samhain 2008 ([11]) agus le Moladh 2016 an Údaráis ach nach bhfuil liostaithe a thuilleadh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo.

---

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 an 18 Nollaig 2020 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna soghluaiste agus uasráta foirceanta aonair uile-Aontais do ghuthghlaonna seasta a leagan síos (IO L 137, 22.4.2021, lch. 1) (dá dtagraítear ag pointe 5czsc d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE).

([10]) Moladh ó Údarás Faireacháin CSTE Uimh. 194/04/COL an 14 Iúil 2004 maidir le margaí ábhartha táirgí agus seirbhísí laistigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a fhéadfar a chur faoi rialáil *ex ante* i gcomhréir le Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchreat rialála i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí arna n-ionchorprú sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamíoch (IO L 113, 27.4.2006, lch. 18 agus Forlíonadh LEE Uimh. 21, 27.4.2006, lch. 1).

([11]) Moladh ó Údarás Faireacháin CSTE an 5 Samhain 2008 maidir le margaí ábhartha táirgí agus seirbhísí laistigh den earnáil cumarsáide leictreonaí a fhéadfar a chur faoi rialáil *ex ante* i gcomhréir leis an nGníomh dá dtagraítear i bpointe 5cl d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE (Treoir 2002/21/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchreat rialála i gcomhair líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí), arna oiriúnú le Prótacal 1 a ghabhann leis agus leis na hoiriúnuithe earnála atá in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an gComhaontú sin (IO C 156, 9.7.2009, lch. 18 agus Forlíonadh LEE Uimh. 36, 9.7.2009, lch. 1).

(48) Tá an Moladh seo faoi réir comhairliúchán le húdaráis rialála náisiúnta i Stáit CSTE agus leis an gCoimisiún ([12]).

AG MOLADH LEIS SEO:

1. Agus margaí ábhartha atá oiriúnach d'imthosca náisiúnta á sainiú i gcomhréir le hAirteagal 64(3) den Chód, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta anailís a dhéanamh ar na margaí táirgí agus seirbhísí a shainaithnítear san Iarscríbhinn.

2. Nuair atá breithniú á dhéanamh acu nach bhféadfar aon cheann de na margaí a liostaítear san Iarscríbhinn a chur faoi réir rialáil *ex ante* sna himthosca náisiúnta sonracha, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta an tástáil trí chritéar a dhéanamh agus a léiriú nach gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na trí chritéar dá dtagraítear in Airteagal 67(1) den Chód agus fíoróidh an tÚdarás seo.

3. Nuair atá margaí geografacha ábhartha laistigh dá gcríoch á sainaithint acu i gcomhréir le hAirteagal 64(3) den Chód, ba cheart do na húdaráis rialála náisiúnta anailís ghráinneach a dhéanamh ar inionadaitheacht ar thaobh an éilimh agus an tsoláthair, ag tosú ó aonad geografach iomchuí, agus aonaid den sórt sin a léiríonn dálaí iomaíocha comhchosúla a chomhiomlánú. Ba cheart an measúnú ar dhálaí iomaíocha a bheith réamhbhreathnaitheach agus ba cheart é a bheith bunaithe, *inter alia*, ar líon agus ar shaintréithe na líonraí iomaíocha, ar dháileadh sciartha den mhargadh agus treochtaí iontu, ar phraghsanna agus ar phatrúin iompraíochta.

4. Tá an Moladh seo gan dochar do shainithe margaidh, do thorthaí anailísí margaidh agus oibleagáidí rialála arna nglacadh ag údaráis rialála náisiúnta i gcomhréir leis an gcreat rialála a bhí i bhfeidhm roimh dháta glactha an Mholta seo.

5. Is chuig Stáit CSTE a dhírítear an Moladh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Aibreán 2025.

Thar ceann Údarás Faireacháin CSTE,
Arne RØKSUND
An tUachtarán

Stefan BARRIGA
Comhalta Coláiste

Árni Páll ÁRNASON
Comhalta Coláiste Freagrach

Melpo-Menie JOSÉPHIDÈS
Ag comhshíniú mar Stiúrthóir,
Gnóthaí Dlíthiúla agus Feidhmiúcháin

([12]) Bhí an comhairliúchán ann an 12 Feabhra 2025 agus an 5 Márta 2025.

*IARSCRÍBHINN*

Margadh 1: Rochtain áitiúil mhórdhíola arna soláthar ag suíomh fosaithe

Margadh 2: Acmhainneacht thiomnaithe mhórdhíola